**Cén cinnteacht is féidir a thabhairt do thuismitheoirí/caomhnóirí go n-éireoidh leis an tsamhail nua chun tacaíocht mhúinteoireachta d'oideachas speisialta a leithdháileadh?**

Rinne Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna (ROS) athbhreithniú ar an tsamhail nua leithdháilte i gcineálacha éagsúla scoile inar reáchtáladh ar bhonn píolótach é. Fuarthas gur fhreastail sé ar riachtanais scoláirí a raibh riachtanais speisialta oideachais acu. Bhí ar chumas na scoileanna úsáid a bhaint as an gcreatlach um *Chontanam Tacaíochta* chun tacaíochtaí atá bunaithe ar riachtanais a sholáthar. Tá treoirlínte curtha ar fáil ag an ROS agus an gComhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta chun cabhrú le scoileanna scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shainaithint agus chun tacú leo.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:
https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/Treoirlinte-d'Iar-bhunscoileanna-Ag-Tacu-le-Daltai-i-Scoileanna-Priomhshrutha-a-bhfuil-Riachtanais-Speisialta-Oideachais-acu.pdf

**An ndearnadh tacaíochtaí teagaisc d'oideachas speisialta a choinneáil ag na leibhéil atá ann faoi láthair?**

Nuair a tugadh isteach an tsamhail nua i mí Mheán Fómhair 2017 níor chaill scoil ar bith na tacaíochtaí do mhúinteoireacht oideachais speisialta. Ag an am céanna fuair breis is 1,300 scoil leithdháileadh méadaithe. Mhaoinigh an ROS 900 post múinteoireachta breise d'fhonn soláthar a dhéanamh don méadú seo. Tá an tsamhail nua ceaptha mar an modh is fearr agus is cothroime chun tacaíochtaí múinteoireachta breise a thabhairt do scoileanna d'fhonn cabhrú le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**Tá tuilleadh eolais ar fáil do thuismitheoirí/caomhnóirí i *Samhail Nua chun Múinteoirí Oideachais Speisialta a Leithdháileadh ar Scoileanna Príomhshrutha: Slí níos fearr níos cothroime* (cuir nasc anseo).**



An Roinn Oideachais
agus Scileanna
Department of
Education and Skills

# Samhail Nua chun
# Tacaíocht Mhúinteoireachta Oideachais Speisialta
# A Leithdháileadh ar Iar-bhunscoileanna Príomhshrutha



**Mearthreoir Thagartha**

**do Thuismitheoirí/Chaomhnóirí**

**Cad é an tsamhail nua chun tacaíocht mhúinteoireachta oideachais speisialta a leithdháileadh ar scoileanna príomhshrutha?**

Tugann an tsamhail nua tacaíochtaí múinteoireachta breise do scoileanna d'fhonn freastal ar riachtanais scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu de réir:

**Méid na scoile**

Agus

**Próifíl na scoil i dtrí réimse:**

- líon na scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta chasta
- torthaí ar thástálacha caighdeánaithe
- comhthéacs sóisialta na scoile, ag glacadh míbhuntáiste agus inscne san áireamh

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:
https://www.education.ie/ga/Ciorcláin-agus-Foirmeacha/Ciorcláin-Gn%C3%ADomhacha/cl0014_2017_ir.pdf

**Cén fáth a athraíodh an tslí ina leithdháiltear tacaíochtaí múinteoireachta oideachais speisialta ar scoileanna?**

Fuair an Chomhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta (NCSE, 2013) amach nach raibh an sean-samhail cothrom do gach teaghlach agus go raibh ar scoláirí áirithe fanacht go dtí raibh siad in ann cabhair bhreise a fháil ar scoil. Mhol siad slí nua, níos cothroime chun tacaíochtaí a chur ar fáil go díreach do na scoileanna de réir riachtanais seachas nádúr an mhíchumais atá ar dhuine ar leith.

**Conas is féidir le mo mhac/iníon rochtain a dhéanamh ar thacaíochtaí múinteoireachta breise?**

Leithdháilfidh an scoil tacaíochtaí de réir riachtanas sainaitheanta do mhic/iníne trí úsáid a bhaint as réimse leathan eolais. Áirítear air seo riachtanais fhoghlama, shóisialta, mhothúcháin agus iompair. Beidh na múinteoirí ag caint leat gairmithe eile, más gá, nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh acu faoin leibhéal tacaíochta atá ag teastáil ó do leanbh. Bainfidh na scoileanna úsáid as an gcreatlach *Contanam Tacaíochta* chun go bhfaighidh na scoláirí ag a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde an leibhéal tacaíochta is airde.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag:
https://www.education.ie/ga/An-Córas-Oideachais/Oideachas-Speisialta/tacu-le-daltai-le-riachtanais-oideachais-speisialta-priomhghniomhaiochtai-d'iar-bhunscoileanna.pdf

**Conas a dhéanfaidh na scoileanna cinneadh faoin méid tacaíochta atá ag teastáil ó mo mhac/iníon?**

Athróidh an leibhéal tacaíochta idir scoláirí de réir riachtanais gach scoláire ar leith. **Ní gá do scoláire fáthmheas a fháil chun cabhair bhreise a fháil ar scoil.** D'fhéadfadh go bhfuil riachtanais difriúla ag scoláirí a bhfuil an fáthmheas céanna acu agus bheadh cineálacha tacaíochta difriúla ag teastáil uathu. Is féidir é seo a chur ar fáil ar shlite éagsúla cosúil le tacaíocht bhreise sa seomra ranga, cabhair bhreise ó mhúinteoir oideachais speisialta, teagasc i ngrúpa beag nó teagasc tacaíochta duine le duine.

**Tá fáthmheas míchumais ag mo mhac/iníon - cén tacaíocht a gheobhaidh sé/sí ag an bpointe seo?**

Ag an bpointe seo gheobhaidh do mhac/iníon tacaíocht atá bunaithe ar leibhéal a c(h)uid riachtanais oideachais speisialta sa scoil. Is féidir tacú le scoláirí ar mhórán slite éagsúla agus labhróidh an scoil leat agus le gairmithe eile, más gá, faoin tslí is fearr chun an tacaíocht seo a thabhairt.

**Conas a gheobhaidh mo mhac/iníon tacaíocht phroifisiúnta nó measúnú má tá gá leis?**

Tá rochtain i gcónaí ag scoileanna ar an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais chun comhairle, measúnú agus tacaíocht a fháil. Lena chois sin tá oiliúint ar fail ó Sheirbhís Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta d'Oideachas Speisialta. Níl aon athrú tagtha ar an tslí ina bhféadann tuismitheoirí/caomhnóirí rochtain a fháil ar thacaíocht phroifisiúnta nó ar mheasúnú ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**An mbeidh ar mhúinteoirí pleananna oideachais a fhorbairt agus conas a mbeidh baint againn leis sin?**

Beidh. Moltar do mhúinteoirí pleananna oideachais a fhorbairt do scoláirí a bhfuil tacaíocht bhreise ag teastáil uathu. Úsáideann scoileanna an Plean Tacaíochta do Scoláirí chun láidreachtaí agus riachtanais ar leith a thaifeadadh, chun idirghabhálacha a phleanáil agus súil a choinneáil ar dhul chun cinn. Ba chóir do mhúinteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus do scoláirí féin a bheith bainteach le Plean Tacaíochta don Scoláire a **chur le chéile** agus le **hathbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn** tar éis tamaill.

**Cad a tharlóidh mura n-aontaím leis an leibhéal tacaíochta a thugtar do mo mhac/iníon?**

I dtosach báire, ba chóir duit a phlé le múinteoirí agus/nó le múinteoir oideachais speisialta do mhic/iníne conas a fhreastalaítear ar a c(h)uid riachtanas. D'fhéadfá labhairt le príomhoide na scoile, freisin. Úsáideann scoileanna an Plean Tacaíochta do Scoláirí chun idirghabhálacha a phleanáil agus chun súil a choinneáil ar dhul chun cinn. Is é seo an tslí is fearr chun an cineál tacaíochta agus an leibhéal tacaíochta is fearr a aimsiú.

Má tá imní ort i gcónaí d'fhéadfá é sin a chur in iúl don Bhord Bainistíochta.

**Mura bhfaigheann an scoil acmhainní breise do mo mhac/iníon, an féidir leo clárú?**

Is féidir. Tá tacaíochtaí do mhúinteoireacht oideachais speisialta faighte ag gach scoil de réir a bpróifílí. Ciallaíonn seo go bhfuil acmhainní ag gach scoil cheana féin chun tacaíocht teagaisc bhreise a thabhairt do gach scoláire a dteastaíonn siad uathu, scoláirí nua san áireamh.